Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Aibreán 2022**
**(OR. fr)**

**7684/22**

**FIN 369**
**INST 101**
**PE-L 15**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7515/22 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 08/2022 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2022 |

1. An 23 Márta 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 08/2022, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[1].

   Is é is cuspóir don togra seo EUR 70 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 50 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a aistriú ó Airteagal 06 04 01 (*Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) - Íocaíocht cúpóin thréimhsiúil agus fuascailt tráth na haibíochta*) chuig Airteagal 06 05 01 (*An Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta*), agus EUR 20 milliún i leithreasuithe íocaíochta chuig Airteagal 06 07 01 (*Tacaíocht éigeandála laistigh den Aontas*), mar a leagtar amach in 7515/22.

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

2. Is é is aidhm don aistriú sin leanúint de na hoibríochtaí cúnaimh a bhaineann leis an ngéarchéim san Úcráin a mhaoiniú sna míonna atá romhainn.

I bhfianaise na n-imthosca práinneacha, beidh feidhm ag an tréimhse 3 seachtaine le haghaidh formheasa, i gcomhréir le hAirteagal 31(4) den Rialachán Airgeadais.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra seo le haghaidh aistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 31 Márta 2022. Sa chomhthéacs sin, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach a riachtanaí atá sé cloí leis an ráiteas aontaobhach ón gCoimisiún maidir le stuamacht bhuiséadach i ndáil leis an líne úis EURI[1], a tugadh agus buiséad 2022 á ghlacadh.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

- an togra i leith aistriú leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 7515/22 é; agus
- an dréachtlitir a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an nóta seo.

---

1 13911/21.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

cóip : Uachtarán an Choimisiúin

A Uachtaráin Uasail,

I gcomhréir le hAirteagal 31(6) den Rialachán Airgeadais an 18 Iúil 2018[1], cuirim in iúl duit leis seo gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 08/2022 laistigh de Roinn III - an Coimisiún - den bhuiséad ginearálta do 2022.

(Mise le meas).

---

1 Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).